

Iarratas ar Aisíocaíocht Cánach Breisluacha (CBL) inmhuirir ar áiseanna agus ar fhearais lena n-úsáid ag Daoine faoi Mhíchumas faoin Ordú um Cháin Bhreisluacha (Aisíocaíocht Chánach) (Uimhir 15), 1981.

Iarratas ar Aisíocaíocht CBL ar Áiseanna agus ar Fhearais lena n-úsáid ag Daoine faoi Mhíchumas

Féadtar Cáin Bhreisluacha (CBL), a gearradh agus a íocadh taobh istigh de Phoblacht na hÉireann, a athéileamh i leith áiseanna agus fearas áirithe lena n-úsáid ag daoine faoi mhíchumas. Baineann an faoiseamh le CBL ar earraí a cheannaítear ar áiseanna agus fearais a dearadh chun cabhrú le duine faoi mhíchumas an míchumas a shárú agus feidhmeanna laethúla riachtanacha á ndéanamh aige nó aici nó i bhfeidhmiú gairme. Ní cheadaítear faoiseamh i leith seirbhísí nó earraí ar cíós.

Tá an faoiseamh ar fáil freisin i gcúinsí áirithe do dhaoine seachas daoine faoi mhíchumas a cheannaíonn earraí den chineál sin le haghaidh úinéireacht eisiach, seilbh agus úsáid eisiach ag duine ainmnithe nó daoine faoi mhíchumas.

Clúdaíonn forálacha an Ordaithe oibreacha a dhéantar ar thithe chun iad a oiriúnú chun iad a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Ní bhaineann na forálacha le tógáil iarbhír an tí ach bheadh siad i bhfeidhm, mar shampla, ar athruithe nó oiriúnuithe áirithe a bheadhriachtanach chun freastal ar na riachtanais faoi leith atá ag an duine faoi mhíchumas.

Ní chlúdaíonn an tOrdú thuasluaite aisíocaíochtaí i leith mótarfheithiclí do thiománaithe faoi mhíchumas nó i leith mótarfheithiclí chun daoine faoi mhíchumas a iompar ná i leith feithiclí de chineál ar bith.

Tabhair do d'aire nach bhfuil an áis aisíocaíochta seo ar fáil d'eintitis cláraithe le haghaidh CBL.

Má tá dliteanas cánach amuigh ag an éilitheoir, féadtar d'éileamh a laghdú faoin tsuim seo

Iarratas ar líne

- Téigh chuig www.revenue.ie
- Logáil isteach ar “mochúrsaí” (tabhair do d'aire nach mór duit clárú le haghaidh mochúrsaí ar dtús”)
- Roghnaigh “ríomh-Aisíocaíochtaí” sa bhosca “Íocaíochtaí / Aisíocaíochtaí”.
- Roghnaigh “CBL – Cáin Bhreisluacha”
- Roghnaigh “Déan éileamh”
- Roghnaigh “Foirm 61A – Áiseanna agus Fearais do Dhaoine faoi Mhíchumas”
- Lean céimeanna 1–5 chun é a cur i gcrích agus é a thíolacadh trí “Lean ar aghaidh” a roghnú

Má tá d'éileamh ar líne in ord agus má éiríonn le d'iarratas déanfar aisíocaíocht chuig an gcuntas bainc nó cuntas comhair chreidmheasa a bhfuil luaite ar an iarratas (roghnófar roinnt iarratas le haghaidh iniúchta, féadfaidh sé go gcuirfidh sé seo moill ar roinnt iarratas)

Mura bhfuil tú in ann d'iarratas a chomhlánú ar **mochúrsaí** féadtar an fhoirm pháipéir seo a chomhlánú agus a thíolacadh chuig an seoladh ag pointe 14 thall.

Tabhair do d'aire go féadfaidh sé go dtógfaidh sé níos faide iarratais ar pháipéar a phróiseáil le linn buaicthréimhsí.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

TABHACHTACH - Léigh na nótaí seo a leanas roimh d'éileamh a thíolacadh

1. Faoi Ordú um Cháin Bhreisluacha (Aisíocaíocht Chánach) (Uimh. 15) de 1981, foráiltear d'aisíoc CBL i leith áiseanna agus fearais áirithe lena n-úsáid ag daoine faoi mhíchumas. Ní cháilíonn ospidéal, scoileanna agus institiúidí den chineál céanna, áfach, le haghaidh faoisimh faoi Ordú seo nuair is ar mhaithe leis an institiúid atá na háiseanna agus na fearais, seachas iad a bheith faoi úinéireacht eisiach an duine faoi mhíchumas amháin agus a bheith i seilbh eisiach agus le haghaidh úsáid eisiach ag an duine atá faoi mhíchumas. Sa chás go bhfuil an aisíocaíocht CBL i leith áiseanna nó fearas éilithe ag duine seachas an duine atá faoi mhíchumas, féadfaidh sé go n-iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fianaise go bhfuil an áis nó an fearas in úsáid go heisiach agus i seilbh eisiach an duine atá faoi mhíchumas.
2. Chun críocha an fhaoisimh, tá sainmhíniú i dtéarmaí leathana ar “duine atá faoi mhíchumas”, agus áirítear míchumais fhisiciúla agus míchumais mheabhreacha araon. Lean an nasc thíos chun teacht ar I.R. 428/1981, an tOrdú um Cháin Bhreisluacha (Aisíocaíocht Chánach) (Uimh. 15), 1981.
<http://www.irishstatutebook.ie/eli/1981/si/428/made/en/print#>
3. Baineann an faoiseamh le CBL ar earraí a cheannaítear ar áiseanna agus fearais a dearadh chun cabhrú le duine faoi mhíchumas an míchumas a shárú agus feidhmeanna laethúla riachtanacha á ndéanamh aige nó aici nó i bhfeidhmiú gairme.
4. **Ní cheadaítear faoiseamh i leith seirbhísí ná i leith earraí a fhrúiliú.**
5. Seo a leanas samplaí d'earraí incháilithe:
 - Áiseanna riachtanacha baile (mar shampla áiseanna óil agus itheacháin deartha do dhaoine faoi mhíchumas amháin)
 - Folcadáin siúil isteach deartha do dhaoine faoi mhíchumas
 - Cathaoireacha leithris agus áiseanna nó fearais den chineál céanna
 - Suíocháin ardaithe agus cathaoireacha sonraithe deartha do dhaoine faoi mhíchumas
 - Ardaitheoirí agus crocháin deartha do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear ardaitheoirí staighre
6. Chomh maith le ceannacháin déanta ag an duine atá faoi mhíchumas, baineann an tOrdú le hearraí a cheannaíonn daoine eile le haghaidh úinéireacht, seilbh agus úsáid eisiach duine ainmnithe nó daoine faoi mhíchumas. Sa chás go gceannaíonn duine eile earraí do dhuine faoi mhíchumas, áfach, ní mór **nach** soláthraítear iad mar chuid de ghnáth-imeachtaí gnó an deontóra.
7. **Ní chlúdaíonn an tOrdú thuasluaite aisíocaíochtaí i leith mótarfheithiclí do thiománaithe faoi mhíchumas nó i leith mótarfheithiclí chun daoine faoi mhíchumas a iompar ná i leith feithiclí de chineál ar bith.**
8. **Tabhair/uaslódáil fianaise i scríbhinn i ndáil le haon DEONTAS atá ceadaithe/faighte ina ndeimhnítear Ainm agus Seoladh an Chomhlachta atá ag soláthar an Deontais agus ag léiriú suim shonrach an Deontais a ceadaíodh/a fuarthas.**
9. **Más i ndáil le hOiriúnú Tithíochta atá d'éileamh, mar shampla Oiriúnú Seomra Folctha nó Seomra Leapa, tabhair/uaslódáil cóip de Thuairisc Iomlán an Teiripeora Saothair agus Meastachán Mionsonraithe Tógálaí ina dtaispeántar go soiléir an obair uile a rinneadh.**
10. **Féadfaidh sé go n-iarrfar fianaise leighis ar an míchumas.**
11. Cinntigh go n-áirítear/go n-uaslódáiltear gach **SONRASC BUNAIIDH (marcáilte íoctha ina iomláine)** le d'éileamh agus go bhfuil na sonraisc seo inléite, go bhfuil dáta orthu, go dtaispeántar orthu an t-ábhar CBL, ainm, seoladh agus uimhir CBL an tsoláthraí agus cur síos dóthanach ar na hearraí atá i gceist.
12. Beidh do UPSP leithleach féin chomh maith le UPSP an duine faoi mhíchumas ag teastáil roimh iarratas a dhéanamh.
13. Ní mór éilimh ar aisíocaíocht a dhéanamh taobh istigh de 4 bliana ó dheireadh na tréimhse incháinithe lena mbaineann an t-éileamh.
14. Ba chóir foirmeacha páipéir comhlánaithe a chur ar ais chuig Na Coimisinéirí Ioncaim, SAORPHOST, Lár-Oifig Aisíocaíochtaí, Foirgneamh M-TEK II, Bóthar Ard Mhacha, Muineachán, H18 YH59. Glaoigh ar 047 62100 (rogha 6) má tá tuilleadh eolais ag teastail uait.



Iarratas ar Aisíocaíocht Cánach Breisluacha (CBL) inmhuirir i leith áiseanna agus fearais lena n-úsáid ag Daoine faoi Mhíchumas

Éileamh déanta faoin Ordú um Cháin Bhreisluacha (Aisíocaíocht Chánach) (Uimh. 15), 1981, (I.R. Uimh. 428/1981)

1. Sonraí an Éilitheora

Comhlánaigh an rannán seo in BLOCLITREACHA

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) an Éilitheora:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm:

--

Seoladh:

UPSP an duine faoi mhíchumas:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Ainm agus Seoladh an duine faoi mhíchumas ar cuireadh na hearraí ar fail dóibh (más éagsúil ón méid thuas):

Cineál an Mhíchumais:

--

Deontas Ceadaithe/Faighte

Tá

Níl

Suim an Deontais:

€

--

Uimhir Fóin:

--

2. Sonraí an Éilimh

Mura bhfuil a dhóthain spáis ar fáil, ceangail liosta ar leithligh

Cur síos ar na hEarraí	Ainm an tSoláthraí	Dáta (a) an tsoláthair nó (b) na hiompórtála	Suim an CBL Éireannaigh In-Aisíoctha a léirítear ar an sonrasc/admháil
IOMLÁN			

